

Ábhar

Cleachtadh Múinteoireachta: Ábhar Imní

Mír Éisteachta

Bernadette Ní Aingléis ag labhairt faoi na rudaí a dhéanann imní do mhic léinn agus iad ag tabhairt faoin gcleachtadh múinteoireachta.

Ní cúrsa teagaise ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



Cleachtadh Múinteoireachta: Ábhar Imní

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le Bernadette Ní Aingléis, stiúrthóir an chleachtadh teagaisc i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, ag labhairt faoi na rudaí a dhéanann imní do mhic léinn agus iad ag tabhairt faoin gcéad chleachtadh múinteoireachta. Sula n-éistean tú leis an mír déan an réamhobair seo.

Plé

- Cad iad na rudaí atá ag déanamh / a bhí ag déanamh imní duitse mar gheall ar an gcéad chleachtadh múinteoireachta?
- Cad iad na rudaí a bhfuil / a raibh doicheadall ort rompu faoin gcleachtadh múinteoireachta?

Tasc

Déan liosta de na pointí, dar leat, a luafaidh Bernadette faoi na rudaí a bhíonn ag déanamh imní do mhic léinn agus iad ag tabhairt faoin gcleachtadh múinteoireachta.

Éisteacht agus Feasacht Teanga

1. Anois éist leis an mír agus déan nóta de na pointí a luann Bernadette maidir leis na rudaí a chuireann imní ar mhic léinn.
2. ‘Cad iad na hábhair imní is mó a bhíonn ag mic léinn...?’

Féach ar na habairtí thíos – an dtuigeann tú iad?

tá sé ag déanamh tinnis dom
tá sé ag déanamh mairge dom
tá mé inníoch faoi
tá mé buartha faoi
tá sé ag cur isteach orm
tá sé ag cur as dom

Bunaithe ar na habairtí thuas, cad iad na slite ar fad a bhféadfá *don't let it worry you* a rá i nGaeilge?

3. bíonn imní orthu rompu (na feitheoirí)

Cén ghramadach atá sa fhrása thuas?

Roghnaigh an forainm réamhfhoclach ceart sna frásaí thíos:

labhair dom / liom

scríobh agam / chugam
tá eagla agam / orm
tá tinneas cinn agam / orm
ná habair dom / liom é sin!

4. Féach ar na horduithe seo a úsáidtear go minic i seomra ranga agus cuir na hathruithe cuí i bhfeidhm orthu chun go mbeidís oiriúnach le húsáid le grúpa páistí.

bí ciúin
seas suas
dún an leabhar
oscail do chóipleabhar
suigh síos
bailigh na cóipleabhair
tarraing pictiúr
léigh an leathanach
litrigh an focal
scríobh é sin
téigh amach
tar isteach
abair arís é

Anois féach arís ar na horduithe. An uair seo abair i slí níos béasaí iad i.e. ag baint úsáide as nath mar ‘ar mhiste leat?’ nó ‘an bhféadfá?’

5. Cad iad na freagraí cearta ar na ceisteanna seo?

An bhfuil sibh réidh?
An tusa deirfiúr Aoife?
Nach tusa an buachaill cliste!
Cé aige atá an pictiúr dearg?
An agatsa atá an leabhar glas?
An bhfuil an lá inniu go deas?
Nach álainn an t-amhrán é sin!
An bhfuil tú ceart go leor?
An é Seán a rinne é sin?

6. Seo cúpla struchtúr a mbíonn deacrachtaí ag mic léinn leo go minic. Is fiú go mór díriú orthu agus a bheith cinnte gur féidir leat iad a úsáid i gceart.

taitin	freastal	bualadh
suim	cuimhin	glaoch

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo:

I enjoyed teaching practice.
I didn't attend all my lectures.
I'll be meeting the class teacher next week.
The children had no interest in the song.

Do you remember that, children?
I'll have to call the school to say I'll be late.

Iarobair

Plé

- Cén rud é ‘múinteoir maith’, dar leat? Roghnaigh liosta aidiachtaí agus pléigh an scéal le duine eile.
- Cad iad na tréithe a bhain leis na múinteoirí ‘maithe’ a bhí agat féin le linn do chuid scolaíochta? Cad iad na tréithe a bhí ag múinteoirí nár thaitin chomh mór céanna leat?
- Pléigh an ráiteas seo faoi mhúinteoireacht:

there are three good reasons to become a teacher: June, July and August.

- Déan comparáid idir na nithe thíos:

gaelscoil v. scoil Bhéarla
scoil tuaithe v. scoil chathrach
scoil aonghnéis v. scoil mheasctha
post an phríomhoide v. post an ghnáthmhúinteora
ranganna sóisearacha v. ranganna sinsearacha

Tasc

- Chonaic tú litir i nuachtán ag rá go bhfuil saol an-bhog ag múinteoirí agus go bhfuil tuarastal ró-ard á fháil acu. Scríobh freagra ar an litir.
- Scríobh na pointí a bhí agat i gceann de na comparáidí thuas.

Téipscript

Cad iad na hábhair inní is mó a bhíonn ag mic léinn agus iad ag déanamh an chleachtadh teagaisc?

Bhuel, is dócha go mbraitheann an freagra ar an mac léinn. Uaireanta ceapann na mic léinn sula dtosaíonn siad ar an gcleachtadh múinteoireachta nach mbeidh siad in ann an rang a smachtú agus go rachaidh na páistí ar mire, go speisialta nuair a bhíonn feitheoir istigh. Uimhir a dó, uaireanta bíonn inní ar na mic léinn seasamh os comhair ranga agus nach mbeadh na páistí ag éisteacht leo mar...do mhic léinn áirithe seo an chéad uair dóibh bheith os comhair ranga. Uimhir a trí, uaireanta bíonn inní ar na mic léinn roimh na...bíonn eagla orthu roimh na feitheoirí. Ach ní gá go mbeadh eagla ar éinne roimh na feitheoirí mar bíonn na feitheoirí go léir ar thaobh na mac léinn agus uaireanta ceapann na mic léinn nach mbeidh siad ag fáil tuairisce ana-bhreá. Ach mar a dúirt mé, bíonn na feitheoirí go léir ar thaobh na mac léinn, ag iarraidh cabhrú leis na mic léinn, agus ní gá agus níor chóir go mbeadh inní ar bith ar na mic léinn. Agus uimhir a ceathair, uaireanta bíonn inní ar na mic léinn mar nach bhfuil a fhios acu cén áit a bhfuil na scoileanna suite, ach níl i gceist ansin ach breathnú ar an suíomh idirlín agus fáil amach ar an idirlíon céard iad na busanna atá ag dul fhad leis an scoil nó cén traein atá ag dul fhad leis an scoil. Mar sin níor chóir go mbeadh aon inní. Agus má ullmhaíonn an mac léinn go foirfe agus má lorgaíonn siad cabhair ba chóir go n-éireodh go geal le gach mac léinn.